Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**7899/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0074 (NLE)**

**ACP 26**
**WTO 77**
**COLAC 22**
**RELEX 318**
**SERVICES 19**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 185 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM-AE, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 185 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 185 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2020
COM(2020) 185 final

2020/0074 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM-AE, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha arna chur ar bun faoi Airteagal 230 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, den pháirt eile ("an Comhaontú"), i ndáil leis an gcinneadh a bheartaítear a ghlacadh maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú faoin gComhaontú.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus CARIFORUM le haghaidh an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche

Síníodh Comhaontú idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, den pháirt eile, an 15 Deireadh Fómhair 2008. Tá an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach ón 29 Nollaig 2008.

### 2.2. An Coiste Trádála agus Forbartha

Tá an Coiste Trádála agus Forbartha bunaithe faoi Airteagal 230 den Chomhaontú. Tá sé comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe, is ar leibhéal na n-oifigeach sinsearach iad de ghnáth. Tá an Coiste Trádála agus Forbartha i gceannas ar chúrsaí trádála agus forbartha faoin gComhaontú. Maidir le cúrsaí trádála, déanann sé cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme cuí fhorálacha an Chomhaontaithe a mhaoirsiú (lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le trádáil seirbhísí) agus tá sé freagrach as sin. Maidir le réimse na forbartha, tugann sé cúnamh do Chomhairle Chomhpháirteach CARIFORUM-AE a cuid feidhmeanna faoin gComhaontú sin maidir le comhar forbartha a chomhlíonadh.

Le cinneadh Uimh. 1/2010 ó Chomhairle Chomhpháirteach CARIFORUM-AE an 17 Bealtaine 2010, leagtar amach rialacha nós imeachta maidir leis an gCoiste Trádála agus Forbartha chomh maith leis na rialacha nós imeachta is infheidhme le haghaidh aon Choistí Speisialta a bhunófar de bhun Airteagal 230(4) den Chomhaontú.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoiste Trádála agus Forbartha

De réir Airteagal 230(4) den Chomhaontú, agus a chuid feidhmeanna á gcomhlíonadh ag an gCoiste Trádála agus Forbartha, féadfaidh sé coistí agus comhlachtaí speisialta a bhunú agus a mhaoirsiú chun déileáil le hábhair a thagann laistigh dá inniúlacht, agus comhdhéanamh, cúraimí agus rialacha nós imeachta na gcoistí agus na gcomhlachtaí sin a chinneadh.

Is gné thábhachtach den Chomhaontú faoi Theideal 2 í an trádáil seirbhísí agus d'aithin Cariforum le linn cuid mhór cruinnithe déthaobhacha go raibh sé tábhachtach dá bhforbairt agus dá bhfás eacnamaíoch. Shainaithin Comhairle Chomhpháirteach i mí na Samhna 2017 an gá le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú chun dul i ngleic go sonrach le cúrsaí trádála a bhaineann le seirbhísí faoin gComhaontú. Ag an ochtú cruinniú de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE an 6 Nollaig 2018, rinneadh tuilleadh plé ar fheidhmeanna agus ar chomhdhéanamh an Choiste Speisialta sin. Sa dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE le haghaidh Coiste Speisialta a bhunú, ar dréachtchinneadh é a ghabhann leis an togra reatha le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, léirítear an plé a bhí ann idir na Páirtithe maidir leis sin.

Maidir leis na rialacha nós imeachta le haghaidh aon Choistí Speisialta a bhunófar de bhun Airteagal 230(4) den Chomhaontú, rialacha arna nglacadh ag Comhairle Chomhpháirteach CARIFORUM-AE i gCinneadh 1/2010 uaidh, ba cheart na rialacha sin a bheith infheidhme maidir leis an gCoiste Speisialta um Sheirbhísí.

Is le cinneadh ón gCoiste Trádála agus Forbartha a dhéantar aon choiste nó comhlacht speisialta. Tá sé beartaithe Coiste Speisialta um Sheirbhísí a chur ar bun le cinneadh ón gCoiste Trádála agus Forbartha tar éis an nós imeachta a thabhairt chun críche.

### 2.4. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo

Tá seasamh an Aontais comhsheasmhach le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Seo togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Trádála agus Forbartha faoin gComhaontú maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú. Ba cheart an seasamh atá le glacadh a bheith bunaithe ar dhréachtchinneadh Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE, ar dréachtchinneadh é a ghabhann leis an togra reatha le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.

Leagtar amach leis an dréachtchinneadh ról, feidhm agus comhdhéanamh an Choiste Speisialta um Sheirbhísí atá beartaithe. Go sonrach, sainítear in Airteagal 2 den dréachtchinneadh feidhmeanna an Choiste Speisialta um Sheirbhísí. Is iad na príomhfheidhmeanna gach gné de Theideal II de Chuid II den Chomhaontú a bhaineann le trádáil seirbhísí a choimeád faoi bhreithniú, cabhrú le Coiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE sa réimse seo agus moltaí a chur faoi bhráid Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE agus an Fhochoiste Theicniúil maidir le Comhar um Fhorbairt d'fhonn feabhas a chur ar chur chun feidhme agus feidhmiú fhorálacha seirbhísí an Chomhaontaithe.

Leagtar amach in Airteagal 3 comhdhéanamh an Choiste ar a mbeidh ionadaithe Pháirtí an Aontais, ar thaobh amháin, agus ionadaithe Stáit Shínithe CARIFORUM, ar an taobh eile.

Sonraítear sa dréachtchinneadh go beidh Coiste Speisialta um Sheirbhísí CARIFORUM-AE ina fhóram chun taithí, faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú, dul i gcomhairle a chéile maidir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeideal II de Chuid II den Chomhaontú agus maidir leis an trádáil idir na Páirtithe. léirítear sa Chinneadh an plé a bhí ann idir na Páirtithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena leagtar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear iontu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a

'*d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Coiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a bunaíodh le comhaontú, mar atá an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, den pháirt eile.

Is gníomh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis é an gníomh atáthar a iarraidh ar Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a ghlacadh. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 230(4) den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atáthar a mholadh.

## 4.2. Bunús substaintiúil dlí

*4.2.1. Na prionsabail*

An bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó príomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear faoin bpríomhaidhm nó faoin bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é an chéad mhír d'Airteagal 207 (4) de CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Déantar an comhbheartas tráchtála, i gcomhréir le hAirteagal 3 CFAE, a shainiú mar inniúlacht eisiach de chuid an Aontais.

## 4.4. An Chomhréireacht

Tá gá leis an togra seo chun aon choiste speisialta a bhunú, mar a leagtar amach in Airteagal 230(4) den Chomhaontú agus i rialacha nós imeachta de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE.

## 4.5. An rogha ionstraime

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(9) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí lena leagtar síos na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais i

[1] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú idirnáisiúnta. Níl aon ionstraim dhlíthiúil eile ann lena bhféadfaí cuspóir an togra seo a bhaint amach.

### 4.6. Conclúid

Ba cheart an chéad mhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Is iomchuí an gníomh atá beartaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha ag Coiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE.

2020/0074 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM-AE, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid Ballstát, de pháirt eile[2] ('an Comhaontú') an 15 Deireadh Fómhair 2008, agus tá sé á chur i bhfeidhm go sealadach ón 29 Nollaig 2008 i leith.

(2) De bhun Airteagal 230(4) den Chomhaontú, féadfaidh Coiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE aon choiste speisialta a bhunú agus a mhaoirsiú chun dul i ngleic le hábhair a thagann laistigh dá inniúlacht.

(3) Chun dul i ngleic le gach ábhar den Chomhaontú a bhaineann le trádáil seirbhísí ar bhealach níos éifeachtúla, ba cheart Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú chun go cuirfear i gcrích na feidhmeanna a leagtar amach sa dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(4) Is iomchuí go leagfaí síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE, ba cheart é a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh a ghabhann leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Stáit CARIFORUM, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a chuid

---

[2] IO L 289, 30.10.2008, lch. 3.

Ballstát, de pháirt eile, maidir le Coiste Speisialta um Sheirbhísí a bhunú, beidh an seasamh sin bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh de Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE glacadh le mionathruithe ar an dréachtchinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tar éis an ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Choiste Trádála agus Forbartha CARIFORUM-AE in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*